


# Tráthnóna Samhraidh

Táimid **cois locha** ag faire ar an ngrian. Tá sí cosúil le **liathróid dhearg** sa spéir. Tá dathanna na gréine **leata** ar fud an locha.
Níl **cuilithín** ar an uisce ach í mar scáthán mín os ár gcomhair amach.
Taobh thiar dinn tá **scáileanna** fada na gcrann le feiceáil. Ar **imeall na coille** feicimid coiníní óga ag rith agus ag léim san fhéar. Go tobann stadann siad, ardaíonn siad na cluasa agus éisteann siad. Glanann siad leo isteach i bpoill sa chlaí. Á féach! Tá sionnach thall **ina aonar** ag faire orthu. Féach an tslí ina seasann sé - go **maorga stuama,** gan cor as. **Fanfaidh** sé go **dtiocfaidh** an dorchadas.
Ansin gheobhaidh sé béile **de shaghas éigin.** Eitlíonn **scata** éan trasna na spéire isteach sa choill. Tá siad **glórach achrannach** ar feadh tamaill ach i ndeireadh na dála **ciúnaíonn** siad. Leanann lon dubh aonair den cheol ach ansin stadann seisean chomh maith. Tá na **bláthanna léana** ar bhruach an locha agus sa choill ag dúnadh le haghaidh na hoíche.
Mothaímid níos fuaire é toisc go bhfuil an **drúcht** ag titim ar an bhféar. I bhfad uainn cloisimid **scréachóg reilige** agus "Ú-ú-ú!" uaigneach aige. Anois is arís cloisimid an **criogar** ach taobh amuigh de sin tá ciúnas agus **síocháin** ann.

### Abairtí le 'Béal':

Bhí an seanfhear i mbéal báis.
Bhí mo chroí i mo bhéal le heagla.
Cuireann sé béal bocht air féin i gcónaí.
Thug Daidí íde béil dom.
Níor fiafraíodh díom an raibh béal orm.

### A. Foclóir

**leata,** spread
**cuilithín,** ripple
**scáileanna,** shadows

### B. Scríobh amach an freagra ceart:

1. Cad atá le feiceáil taobh thiar dinn?
   — bád ar an loch.
   —scáileanna fada na gcrann.
   — carr ar an mbóthar.
2. Cén fáth a n-imíonn na coiníní go tobann?
   — Glaonn a máthair orthu.
   — Ritheann madra ina ndiaidh.
   — Feiceann siad an sionnach.
3. Cén fáth a mothaímid níos fuaire é?
   — mar tá an geimhreadh ag teacht.
   — mar tá an drúcht ag titim.
   — mar tá sé ag cur báistí.

### C. Críochnaigh na habairtí seo a leanas:

1. Tá dathanna na gréine leata ar fud - -.
2. Glanann na coiníní leo isteach i - - -.
3. Fanfaidh an sionnach go dtiocfaidh - -.
4. Eitlíonn scata éan trasna na spéire isteach - -.

### D. Scríobh amach na ceisteanna do na freagraí seo a leanas:

1. Ainmhí maorga stuama is ea é.
2. Bhí siad ar imeall na coille.
3. Cloisimid scréacóg reilige.
4. Ciúnas agus síocháin.

### E. Freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Cad leis go bhfuil an ghrian cosúil?
2. Cá bhfios duit go bhfuil an loch an-chiúin?
3. Cé tá in éineacht leis an sionnach?
4. Cén fáth a bhfanfaidh an sionnach go dtí go dtiocfaidh an dorchadas?
5. Cén fáth a dtéann na héin isteach sa choill?
6. Cad faoi na bláthanna léana ar bhruach an locha?

### Gramadach 28

1. Scríobh an fhoirm cheart de na focail idir lúibíní:
   (a) Cé leis (tá) tú ag caint?
   (b) Cé uaidh (faigh) tú cupán tae?
   (c) Cén áit (faigh) tú an t-airgead?
   (d) Cé dó (tug) tú an leabhar.
   (e) Cé aige (tá) an mála scoile.
2. **An Scéal**
   Beirtear ar rothar gach lá. Téitear ag rothaíocht.
   Feictear coinín ar thaobh an bhóthair. Cloistear Clog an Aingil. Faightear úlla i siopa. Tugtar úll do dhuine eile. Deirtear leis é a ithe. Itear na húlla eile. Tagtar abhaile um thráthnóna. Déantar obair sa bhaile.

   Scríobh an scéal ag tosú mar seo:
   Inné rugadh ar rothar ---------.